## DIÚLTAIGH

- [x] Nuair atá ball éadaigh nua uait fan ar feadh cúpla lá sula gceannaíonn tú é. Ná ceannaigh rudaí gan smaoineamh
- [ ] ____________________
- [ ] ____________________
- [ ] ____________________

## LAGHDAIGH

- [x] Ith béilí Plandabhunaithe ar an Máirt agus ar an Déardaoin -
- [x] Seiceálfaidh mé ar stopfoodwaste.ie le haghaidh leideanna gan bia a chur amú
- [ ] ____________________
- [ ] ____________________
- [ ] ____________________

## ATHÚSÁID

- [x] An Nollaig seo úsáidfidh mé an páipéar beartán a shábháil mé ó mo bhreithlá chun clúdach a chur ar na bronntanais
- [ ] ____________________
- [ ] ____________________
- [ ] ____________________

## DEISIGH

- [x] Tabharfaidh mé mo bhróga nó mo chriosanna go dtí an siopa bróg chun iad a dheisisiú seachas fáil réidh leo

  Gheobhaidh mé an t-eolas sin ag repairmystuff.ie
- [ ] ____________________
- [ ] ____________________
- [ ] ____________________

## ATHCHÚRSÁIL

- [x] Nífidh mé an plaisteach atá á athchúrsáil agam sula gcuirfidh mé sa bhosca bruscair é
- [ ] ____________________
- [ ] ____________________
- [ ] ____________________

**CUIR LEIS AN LIOSTA!**

biorbic sfi Science Foundation Ireland

Tuilleadh eolais **www.biorbic.com/biobus**

# LEIDEANNA CHUN TEAGHLACH NÍOS INBHUANAITHE A CHRUTHÚ

## ATHCHÚRSÁIL AGUS DÉAN I GCEART É!

Is iontach an rud an athchúrsáil, ach is gá é a dhéanamh i gceart. Athraíonn rialacha athchúrsála ó áit go háit agus mar sin is gá duit na rialacha áitiúla sin a sheiceáil. Seo roinnt rialacha ginearálta. Is gá cloí leo.

- **Seiceáil an lipéad ar gach aon táirge féachaint an féidir é a athchúrsáil**. Mura bhfuil tú cinnte faoi rud ar bith féach ar **mywaste.ie.**
- **Coinnigh an athchúrsáil measartha scaoilte.** Ná brúigh i mboscaí í nó ná ceangail i málaí plaisteacha í ach oiread. Ní bheidh an meaisín ábalta í a shórtáil.
- **Déan cinnte go bhfuil an plaisteach go léir glan sula n-athchúrsáiltear é**. Plaisteach salach agus plaisteach ina bhfuil ábhar nach féidir é a athchúrsáil is cúis go minic le traséilliú. Sa chás sin úsáideann an próiseas athchúrsála níos mó fuinnimh agus tá gach seans ann go gcaithfear an t-ábhar in-athchúrsáilte ar leataobh sa líonadh talún.
- **Ba chóir blúirí bia a chur sa bhosca múirín.** Mura ndéantar é sin téann siad isteach sa líonadh talún, áit a ndíscaoileann ábhair orgánacha gan ocsaigin, ag táirgeadh meatáin atá 25 uair níos láidre ná dé-ocsaíd charbóin.

## IS FEARR I BHFAD NÍOS LÚ PLAISTIGH A ÚSÁID!

An raibh a fhios agat nach féidir an píosa plaistigh céanna a athchúrsáil ach dhá nó trí huaire ar a mhéid, fiú má dhéantar é a athchúrsáil i gceart? Is féidir gloine agus alúmanam a athchúrsáil arís is arís eile! Ní rud iontach é an plaisteach i gcónaí mar is minic a chaitear sa líonadh talún é agus tógann sé tamall an-fhada chun briseadh síos. Nuair a bhriseann an plaisteach síos scaoileann sé ceimiceáin nimhiúla isteach sa timpeallacht agus fágann sé micreaphlaistigh ina dhiaidh. Tá plaisteach i ngach áit. Smaoinigh ar an ollmhargadh mar shampla, tá an oiread sin ábhar a bhfuil pacáistiú plaisteach air, go minic gan aon ghá. Is gá an-iarracht a dhéanamh mar sin chun plaisteach a sheachaint.

Seo cúpla rud is féidir leatsa a dhéanamh:

- **Tabhair leat do mhálaí féin chuig an siopa,** chun na málaí plaisteacha atá ar fáil ann a sheachaint.
- Ná roghnaigh táirgí a bhfuil pacáistiú plaisteach orthu. Roghnaigh táirgí a bhfuil pacáistiú cairtchlár orthu, i ngloine nó táirgí stánaithe.
- **Bíodh buidéal, cupán agus mála in-athúsáidte agat i gcónaí.** Tá líneáil phlaisteach taobh istigh de go leor de na cupáin le tabhairt leat atá ar fáil i gcaiféanna agus ní féidir iad a athchúrsáil. Má theastaíonn cupán le tabhairt leat uait, roghnaigh ceann 'inmhúirínithe'.

## CUIR STOP LE MEARFHAISEAN

Tá sé in am stop a chur le mearfhaisean. Baineann an cineál faisin seo le húire agus spreagtar sinn chun rudaí nua, nach bhfuil ag teastáil uainn ar chor ar bith, a cheannach agus fáil réidh leis na héadaí nach n-úsáideann muid a thuilleadh. Tá líon na líonta crua ón tionscal faisin a chaitear sa líonadh talún gach bliain dochreidte: Déantar thart ar 92 milliún tonna de dhramhaíl teicstíle gach aon bhliain. Níos measa fós tá go leor de na héadaí seo déanta as snáithíní sintéiseacha. Nuair a chaitear iad siúd sa líonadh talún brisfidh siad síos go micreaplaistigh a thruaillíonn an t-aer, an ithir agus an t-uisce. Chomh maith leis sin, nuair a bhíonn na héadaí seo á ní scoitear leathmhilliún tonna de mhicreashnáithíní plaisteacha agus ritheann siad isteach san fharraige. Mar sin, cad is féidir linn a dhéanamh? Ar an gcéad dul síos, **ná ceannaigh ach an méid atá uait.** Ar an dara dul síos, **ceannaigh éadaí athláimhe nuair is féidir**. Ar an tríú dul síos, nuair a bhíonn éadaí nua á gceannach agat, **déan snáithíní sintéiseacha a sheachaint**. Agus ar deireadh, **nigh do chuid éadaí ar theas íseal agus cas iad chun** an scoitheadh micreashnáithíní sin a laghdú. Mairfidh na héadaí níos faide mar sin!

## CEANNAIGH NÍOS LÚ FEOLA AGUS FEOIL NÍOS INBHUANAITHE

Cuireann ainmhithe feirme go mór le hathrú aeráide ar fud an domhain. Táirgeadh feola agus déiríochta is cúis le 14.5% de na gáis atá ag téamh an domhain. Cé go nglacann go leor feirmeoirí in Éirinn le clár Origin Green Bhord Bia, ní mór dúinn mar thomhaltóirí cleachtais níos inbhuanaithe a ghlacadh freisin.

Mar sin, cad is féidir leatsa a dhéanamh?

- **Feoil níos fearr a ithe.** Roghnaigh feoil agus déiríocht orgánach agus áitiúil a chothaítear ar fhéar nuair is féidir. Féach ar na lipéid i gcónaí le cinntiú go bhfuil a fhios agat cén cineál feola agus déiríochta atá á ceannach agat.
- **Laghdaigh an fheoil dhearg a itheann tú:** má laghdaíonn tú méid na feola deirge a itheann tú is féidir do lorg carbóin a ísliú go suntasach.
- Roghnaigh **bia plandabhunaithe lá amháin ar a laghad sa tseachtain.**

## ÉISC NÍOS INBHUANAITHE A ITHE

Is fadhb ollmhór í an ró-iascaireacht atá ag fágáil ár n-aigéan an-ghann ar éisc. Chomh maith leis sin, déantar roinnt bia mara a shaothrú go neamh-inbhuanaithe. Mar shampla, gearrtar síos foraoisí mangróibh chun feirmeoireacht cloicheán a chur chun cinn agus tá cineál iascaireachta ann a bhaineann úsáid as dinimít. Déanann sé sin an-dochar do na sceireacha coiréil. Má cheannaítear éisc ó fhoinsí inbhuanaithe laghdaítear an t-éileamh ar chleachtais dhíobhálacha iascaireachta.

Mar sin chun éisc níos fearr & níos inbhuanaithe a ithe ba chóir duit…

- **Féachaint amach do dheimhniúcháin** ón Aquaculture Stewardship Council (ASC) nó ón Marine Stewardship Council (MSC).
- Ceannaigh bia mara Éireannach **áitiúil**!